



Plean Curaclaim na Gaeilge

D'fhorbair foireann na scoile an plean curaclaim seo chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí maidir leis múineadh na Gaeilge agus stratéis a chur i bhfeidhm don scoil iomlán chun Gaeilge a chur chun cinn.

Clár

1.	Réamhrá.....	1
2.	Réasúnaíocht.....	1
3.	Fís agus Féalsúnacht na Scoile.....	1
4.	Cuspóirí.....	1
5.	Modhanna Múinte, Ábhair Sraithe agus Acmhainní.....	1
5.1	Scéimeanna.....	1
5.2	Feidhmeanna Teanga.....	1
5.3	An Cur Chuige Cumarsáideach.....	6
5.4	Léitheoireacht.....	6
5.4	Léitheoireacht Breise/ Scéalaíocht.....	7
5.5	Litriú.....	8
5.6	Scríobhnóireacht Seánraí.....	8
5.7	Cluichí.....	8
5.8	Drámaí Gaeilge.....	9
5.9	Ámhráin agus Dánta Gaeilge.....	9
5.10	Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga.....	9
6.	An Clár Áma.....	9
7.	Obair Bhaile.....	10
8.	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide.....	10
9.	Pleanáil Múinteoirí agus Tuairisciú.....	10
10.	Measúnú.....	10
11.	Cothrom Rannpháirtíochta.....	10
12.	Páistí le Cumais Speisialta.....	10
13.	Páistí le Riachtanais Speisialta.....	11
14.	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.....	11
15.	Deiseanna do Thuismitheoirí.....	11
16.	Rólanna agus Freagraíochtaí.....	11
17.	Athbhreithniú.....	11
18.	Daingniú agus Cumarsáid.....	11

1. Réamhrá

Scríobh foireann na scoile an plean curaclaim seo trí phróiseas comhoibríoch i 2015. Rinne an fhoireann athbhreithniú ar an bplean arís in 2021. Léirítear modhanna múinte atá i bhfeidhm agus is doiciméad beo agus solúbtha é, agus beidh sé athraithe go minic sa todhchaí.

2. Réasúnaíocht

Is í an Ghaeilge ceann amháin de na príomhábhair i gCuraclam na Bunscoile. Is scoil Béarla ilchreidmheach í seo, ach tá an scoil seo lonnaithe sa Ghaeltacht agus cuirtear an-bhéim ar an nGaeilge sa scoil. Dá bhrí sin, tá áit lárnach ag an nGaeilge sa scoil, agus tugtar tábhacht an-mhór don teanga i saol na scoile.

3. Fís agus Féalsúnacht na Scoile

Is é fís an phlean seo ná cumas agus muinín na páistí a neartú leis an nGaeilge. Labhraíonn na páistí agus na tuismitheorí iomaí teanga sa scoil, agus céiliúraimid an éagsúlacht teangacha seo. Is é ceann amháin de na phríomhchuspóirí na scoile ná go mbeidh gach páiste sa scoil in ann Gaeilge agus Béarla a thuiscint, a labhairt agus a scríobh ar an gcaighdeán is airde agus meas is luach a thabhairt do na teangacha go léir sa scoil.

4. Cuspóirí

- Dearcadh dearfach a chruthú maidir leis an nGaeilge i measc na bpáistí, baill foirne agus tuismitheorí.
- Deiseanna nádúrtha a chur ar fáil chun an teanga a cleachtadh.
- Cultúr na hÉireann a leiriú trí ghníomhaíochtaí teanga.
- Scileanna léitheoireachta agus scríobhnóireachta a fhorbairt trí cheachtanna páistelárnacha.
- Buntús láidir a bhunú le cúrsaí gramadaí agus litriú.
- Nascanna a dhéanamh idir teangacha difriúla.
- Gaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid go rialta i rith an lae agus i gceachtanna eile.
- Ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge sna ranganna níos airde sa todhchaí.
- An Curaclam Teanga na Bunscoile Nua a chur i bhfeidhm.

5. Modhanna Múinte, Ábhair Sraithe agus Acmhainní

5.1 Scéimeanna

Cuirtear i bhfeidhm an scéim Bua na Cainte i ngach rang. Tugann an scéim deiseanna maithe chun an teanga a chleachtadh i mbealach nádúrtha is spraoiúil. Tá sé bunaithe ar an gcur chuige cumarsáideach agus déantar comhtháthú ann ar na ceithre scil. An modhnú is tábhachtaí ná moilltear léitheoireacht agus scríobhnóireacht a mhúineadh. Chomh maith leis an scéim seo, baineann múinteoirí úsáid as áiseanna eile ón scéim Séideán Sí, an sraith Inis Dom agus áiseanna eile ó am go ham.

5.2 Feidhmeanna Teanga

Labhraíonn foireann na scoile agus na páistí an Ghaeilge mar teanga beo cumarsáide. Tríd an lae, labhraíonn na múinteoirí an Ghaeilge go minic agus i gcomhthéicseanna éagsúla. Is gnáthrud é go mbionn an Ghaeilge le cloisteáil sa scoil taobh amuigh de na ceachtanna Gaeilge fhoirmiúla. Chun cabhair a thabhairt do na páistí í a labhairt i gcomhthéicseanna neamhfhoirmiúla, múintear feidhmeanna teanga. Is í an chiall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla mian a chur in iúl, rud a iarraidh, cuireadh a thabhairt, cead a lorg nó easpa taitnimh a léiriú. Tátar ag súil go mbeidh na páistí ag baint úsáide as na feidhmeanna teanga atá scríofa sa gréille seo chomh luath agus is féidir leo.

Catagóir: Caidreamh sóisialta a dhéanamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 & 2	Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6
beannú do dhuine	Dia duit. Dia is Muire duit.	Go n-éirí leat!	Dia is Muire daoibh. Dia inn!	Dia is Muire duit/daoibh

	Tá fáilte romhat.		Ádh mór ort!	Aon scéal agat?
slán a fhágáil	Slán. Slán agus go raibh maith agat.	Slán libh Slán agaibh	Feicfidh mé thú/sibh níos déanaí/amárach.	Slán agus go n-éirí an bóthar leat.
glaoh ar dhuine	A mhúinteoir. Tar anseo.	A Mháire A Phóil	A chuariteoirí A rúnaí Éist liom le do thoil. Gabh í leat anseo - Guile	A dhuine uasail. Teastaíonn uaim labhairt leat. Táim ag iarriadh labhairt leat.
aird a lorg	An bhfuil sibh réidh? Tá/Níl Éistigí. Gabh mo leithscéal.	Gabh mo leithscéal. Nóiméad amháin Éistigí Le d'hoil Le bhur dhoil Ba mhaith liom	Gabh mo leithscéal. más é do thoil é. Cogar...	Gabh mo leithscéal. An féidir liom... Abair liom. Inis dom.
bualadh le duine	X is ainm dom. Is mise...	Conas atá tú? Táim go maith Nílím go maith Ceart go leor.	Conas atá tú? Cén chaoi ina bhfuil tú? Cad é mar atá tú ?	Cén t-ainm atá ort? Conas atá tú? An bhfuil tú go maith?
cur in aithne	Cad is ainm duit?	Seo é Seán Seo í Síobhan Seo/sin X.	Cé hé/hí seo? Cé leis thú?	Seo é/í mo chara.
Freagairt do chur in aithne	X is ainm domsa. Cé hé tusa?	Go maith.	Deas casadh leat. Go breá. Go hiontach.	X atá ormsa. Deas bualadh leat.
comhghairdeas a dhéanamh	Lá breithe sona duit.	Maith thú	Sár iarracht!	Comhghairdeas. Sár jeaib
comhbhrón a dhéanamh	Á. Tá brón orm.		Mí-ádh. Is mór an trua é sin.	Mór an trua é sin.

Catagóir: Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Ba choir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 & 2	Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6
Easpa tuisceanna a léiriú	Ní thuigim Abair é sin arís	An dtuigeann tú? Ní thuigim	An féidir é seo a mhíniú le do thoil? Ní thuigim an cheist/an rud atá á rá agat.	An bhfeadfá é a rá/mhíniú arís, l'ed thoil? Níl mé in ann é sin a thuiscint.
Cabhair a lorg	Cabhraigh liom! An osclóidh tú é? An gceanglóidh tú mo chuid iallacha?	Cén Ghaeilge atá ar?	Cad is brí le ...? Cuir Gaeilge ar....	Tá cabhair uaim leis seo. Teastaíonn cabhair uaim leis seo. Céard atá á rá agat? Céard a dúirt tú?
Litriú a lorg		Arís Le do thoil	Conas a litríonn tú XXXXX An feidir leat é a litriú?	An bhfeadfá X a litriú dom, más é do thoil é?
Iarraidh ar dhuine rud éigin a scríobh		Scríobh X dom, más é do thoil é. Scríobh síos é.	Bain triail as. An bhfuil sé sin scríofa síos agaibh?	Scríobh dom é. Bí cúramach le do chuid scríbhneoireacht.
Caint níos moille a	Níos moille.	Abair arís	Níor chuala mé thú,	An bhfeadfá é a rá

lorg		é/abair go mall é más é do thoil é.	abair é sin arís le do thoil.	beagán níos moille?
Easpa cumais a léiriú	Ní thuigim é sin. Ní thuigim é.	Níl mé in ann... Ní féidir liom...	Níl mé in ann é seo a dhéanamh.	Ní féidir liom é sin a thuiscint.
Eolas breise a lorg		An bhfuil sé seo ceart?	Tabhair dom níos mó eolais.	Cén áit go díreach a bhfuil an teach sin?

Catagóir: Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 & 2	Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6
cead a lorg, a thabhairt, agus a dhiúltú	An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas / mo lón a fháil/ leabhar a fháil? Tá/Níl.	An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas/ mo lámha a ní? Ceart go leor.	An bhfuil cead agam an fhuinneog a oscailt/an doras a dhúnadh/imirt libh/deoch a fháil/ an liathróid a fháil? Tá/Níl. An féidir liom?	An bhfuil cead agam teacht isteach/bheith ar dtús?
buíochas a léiriú	Go raibh maith agat. Fáilte romhat.	Go raibh míle maith agat/agaibh	Míle buíochas. Go raibh míle maith agat/agaibh	Tá mé buíoch díot. Míle buíochas
smaoineamh a chur chun cinn		An féidir liom...? Ar mhaith leat...?	Céard faoi?	Bhí smaoineamh iontach agam.
iarradh ar dhuine rud éigin a dhéanamh	Suígí síos. Seasaigí suas. Stad. Tógaigí amach na leabhair. Tabhair dom X. Sin é Seo é	Ar aghaidh leat /libh	An dtabharfá X dom le do thoil? Bailigh na..... dom. Tabhair dom.....	An féidir leat...
duine a ghríosadh	Maith thú!	Lean ort.	Bain triail as. Ar aghaidh leat. Fair plé dhuit!	Déan iarracht amháin eile.
cuireadh a thabhairt, a dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi		Ar mhaith leat? Ba mhaith/níor mhaith.	Ar mhaith leat teacht go dtí mo theach/mo chóisir? Cá mbeidh sé ar siúl? Cén t-am? Cén dáta/lá?	An dtiocfaidh tú ...? Tiocfaidh/ní thiocfaidh. Go raibh maith agat don chuireadh ach ní féidir liom dul.
foláireamh a thabhairt do dhuine	Bí ag siúl. Bigí..... Ná bí ag rith. Ná bí ag caint.	Tóg go bog é. Bí cúramach	Ná bígí ag x. Bí/bígí cúramach. Tabhair aire.	Go deas réidh más é bhur dtoil é. Bíobh ciall agat.
stádas a fhógairt nó a cheistiú	Is mise an buaiteoir/ceannaire.		Is mise an duine is óige/sine sa rang.	Is mise laoch na imeartha.
Maíomh	Tá mé go maith ag _.	Tá mé go hiontach ag _.	An bhfaca tú é sin?	Is mise an duine is fearr / ag ____.
dúshlán duine a thabhairt		An féidir leat? Is féidir liom.	Ní féidir leat é sin a dhéanamh.	Geallaim duit nach féidir leat X a dhéanamh.

Catagóir: Dearcadh a léiriú agus a lorg

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 & 2	Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6
eolas nó aineolas, cuimhne nó easpa cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu		Tá/níl a fhios agam. An bhfuil a fhios agat?	An cuimhin leat? Is/ní cuimhin liom. Níl a fhios agam cá bhfuil/cé a ...	An bhfuil aithne agat ar an duine seo? Tá / Níl.
cinnteacht, éiginnteacht, féidearthacht a léiriú, fiosrú fúthu	Tá / Níl 'Sea / Ní hea	An bhfuil tú cinnte? B'fhéidir...	Tá / Níl mé cinnte. An bhfuil tú cinnte? Tá / Níl	Ca bhfuil an x? Níl mé cinnte. B'fhéidir go bhfuil sé ...
leibhéal dóchúlachta a léiriú agus fiosrú faoi		B'fhéidir... Tá/Níl mé cinnte.	Cá bhfuil Sinéad? Is dócha go bhfuil sí tinn.	An mbeidh sé anseo? Beidh gan dabht.
taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú	An maith leat? Is/ní maith liom. Is fearr liom.	Is breá liom. Is fuath liom.	An dtaitníonn X leat?	Is aobhinn liom. Is fearr liom X ná Y.
Mianta a léiriú nó fiosrú fúthu	An bhfuil sé go deas/maith? Tá / Níl.	Ar mhaith leat milseán? Ba mhaith/níor mhaith.	Ba mhaith liom leabhar a léamh/ dul ag snámh, srl.	Cad ba mhaith leat a dhéanamh? Ba bhreá liom.
rogha a léiriú agus fiosrú fúithi	Is fearr liom x.	Cé acu is fearr leat?	Is fearr liom x ná y.	Cé acu ab fhearr leat? B'fhearr liom X ná Y.
leithscéal a ghabháil	Tá brón orm.	Tá brón orm go bhfuil mé déanach.	Gabh mo leithscéal.	Tá brón orm go... ach...
sásamh nó míshásamh a léiriú nó fiosrú fúthu	Go maith! Go deas!	Tá/níl sé go maith / go dona.	Cad a cheapann tú? Táim lán-sasta. Ar fheabhas!	An bhfuil sé seo go maith? An dóigh leat?
aontú nó easaontú le ráiteas	Tá/níl. Ceart/mícheart.	Is ea. Ní hea. Tá / Níl	Briathra dearfa agus diúltach san Aimsir Chaite m.sh. bhris/níor bhris.	Aontaím/ní aontaím. Réitím go dhuil is go hiomlán.
ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú	Is féidir liom.	An féidir leat x? Ní féidir liom _____. Is féidir liom _____.	Is féidir liom leadóg a imirt/sacar a imirt. Táim ábalta...	Is féidir liom x a dhéanamh. Tá/níl sé a mo chumas.
séanadh	(An raibh tú ag gaire?) Ní raibh. (An bhfaca tú?) Ní fhaca.	(Ar chuala tú?) Níor chuala. (An ndearna tú?) Ní dhearna.	(Ar fhág tú?) Níor fhág. (Ar bhris tú?) Níor bhris.	(Ar bhuail tú?) Níor bhuail (Ar chaill tú?) Níor chaill.
léiriú gur cuma le duine		Is cuma liom.	An cuma leat?	Ní chuireann sé isteach orm.
áiféala nó maithiúnas a léiriú	Tá brón orm. Ceart go leor.	Tá áiféal orm. Tá go maith. Tá sé ceart go leor.	Tá brón orm, ní fhaca mé tú. Tá brón orm, ní raibh a fhios agam go raibh tú ansin.	Ní raibh a fhios agam gur leatsa é. Tá náire an dohmain orm.
tacaíocht a léiriú	Maith thú. Go deas. Go maith. Tá tú an-mhaith.	Ar fheabhas. Go hiontach. Go breá. Maith sibh. Tá sé sin go maith.	Beidh tú go breá – ar aghaidh leat. Thar barr.	Táim tibh thiar duit. Aontaím go hiomlán leat.
díomá a léiriú			Tá díomá orm.	Is mór an trua é.

dóchas a léiriú	Beidh tú ceart go leor.	Tá súil agam...	Táim dóchasach go... Le cúnamh dé.	Tá súil agam go dtiocfaidh sé/sí. Táim ag súil go mór le...
ligean air/uirthi		Ó, tá tinneas cinn orm Tá pian i mo.....	Féach, is féidir liom eitilt. Is x mé. Is féidir liom	Táim ag ligean orm gur x mé.
scéalta a chumadh nó a insint		Ar maidin Inné...	Dé Sathairn seo caite ... Aréir Arú inné ... Fadó, fadó	Anuraidh ... Ar dtús ... Ansin Tar éis tamaill ... faoi dheireadh
léiriú gur gá nó nach gá rud éigin a dhéanamh			Caithfidh mé ... Caithfidimid...	Tá ormsa... An bhfuil orm é sin a dhéanamh?

Catagóir: Eolas a thabhairt agus a lorg

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 & 2	Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6
Aithint	Peann luaidhe Sin peann luaidhe. Is liomsa é.	Is madra mór é sin.	Cailín/buachaill an-mhaith/an-deas/dána is ea é/í.	Teach trí stór atá ann...
tuairisciú	Anseo /as láthair Tá sé/sí tinn, sa bhaile, as láthair. Níl sé/sí anseo. Tá cnag ar an doras. Tá Liam ag ithe, srl. Tá an leabhar ar an mbord. Inniu an Luan. Tá sé griannmhar ag cur baistí/ag cur sneachta.	Thit sé sa chlós. Bhí..... Chuaigh ... Tá XXXX ag ithe an lóin. Thug sé x dom. Tá sé ag cur baistí/sneachta arís/anois.	Chonaic mé é/í ar maidin. Níl a fhios agam cá bhfuil sé/sí. Beidh sé ar ais amárach. Chuala... D'ith mé / d'ól mé Chuaigh ...	Beidh an cluiche ar siúl ar a trí a chlog amárach. Tá beirt – deichniúr as láthair. B'fhéidir go bhfuil sé/sí
teachtaireacht a thabhairt	Seo duit nóta/litir.	Seo nóta duit ó ... Tá Niamh tinn. Tá cóta nua ag x.	Tá litir agam duit ó ... Ní bheidh mé ar scoil amárach. Beidh mé ag dul go dtí an fiacloir ar a 10 a chlog.	Beidh an bus déanach inniu. Glaofaidh mé ort/oraibh nuair a bheidh sé in anseo.
ceartú	Ná bí ag _. Ní liomsa é. Ná bí ag caint	Ní liomsa é –	Ní leatsa é – is liomsa é.	Madra atá agamsa sa bhaile. Thug sé dom é.
ceisteanna a chur agus a fhreagairt	An bhfuil cead agam dul amach/ dul go dtí an leithreas/mo lón a fháil/leabhar a fháil? Tá / Níl. Cá bhfuil x? Sa chlós/leithreas/srl. An bhfuil sé (dathanna/gníomhaíochtaí)? An bhfuil tú tinn? Cad atá sa X? Cé hé/hí sin?	Ar ith/ól tú? D'ith mé / níor ith mé. D'ól mé / níor ól mé. Cad/céard a tharla? Cé leis é seo? Ar thóg, thit, bhris, chuala, tháinig? An raibh, bhfaca, ndeachaigh, ndearna ? Cathain? (laethanta	Ceisteanna le briathra ón Aimsir Chaite, (dearfach agus diúltach). Cén t-am? (leathair tar éis Cén fáth? Mar ... Cén rang ina bhfuil tú? Cén aois thú ? Cá bhfuil tú I do	Ceisteanna le briathra ón Aimsir Fháistineach (dearfach agus diúltach). Cad é do thuairim? Is dóigh liom go/gur Cén sort /saghas?

	Céard é sin? An leabhar é? Ní hea Sea. Cén dath atá ar X? Cad is ainm duit? Cén aois thú?	na seachtaine – inné, ar maidin, ag am lóin) Conas? Cén t-am? (uair) Cé mhéad? Cén rang ina bhfuil tú?	chónaí ? Cad is ainm do mhúinteoir?	Cén praghas? Meas tú? Conas? Caithain?
--	----------------------------------------------------------------------------------------------------------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	-------------------------------------------	-------------------------------------------------

Catagóir: Struchtúr a chur ar chomhrá

Ba choir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 & 2	Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6
Oscailt		Nóiméad amháin. Tá an lá go deas.	Ar chuala tú é? An bhfaca tú é?	A Liam, aon nóiméad amháin.
Cur síos a dhéanamh céim ar chéim.		Ar dtús. Ansin.	I dtús báire. I dtosach. Ar dtús. Tar éis tamaill.	Ar an gcéad dul síos. Faoi dheireadh. B'é deireadh an scéil ná...
Coimriú		Sin é. Sin uile.	Mar fhocal scoir... Sé sin le rá.	Le scéal fada a dhéanamh gear...
Teacht tar thuairim		Is dóigh liom ...	Dar liom féin/dar liomsa. Creidim...	Is dóigh liom gurb é sin an fáth go bhfuil sé as láthair.
Deireadh a chur		Bhuel, sin sin. Ceart go leor mar sin.	Tá deifir orm. Sin é an scéal mar sin.	Caithfidh mé a bheith ag imeacht.
Tús a chur le comhrá Teileafón	Dia duit.	Michéal anseo.	Aon scéal nua? Conas tá cursaí?	Dia duit, a Siobhán Tadhg anseo.
Duine ar leith a lorg ar an teileafón		An bhfuil X ann?	Ba mhaith liom labhairt le...	An bhféadfainn labhairt le X?
Léiriú go nglaofar arís ar an teileafón		Beidh mé ag caint leat arís.	Beidh mé ag caint leat arís amárach.	Beidh mé ag caint leat.
Tús a chur le litir			A Mhamáí/Dhaidí	A Sheáin, a chara.
Deireadh a chur le litir			Le grá.	Mise le meas. Do chara dílis.

5.3 An Cur Chuige Cumarsáideach

Sna ceachtanna Gaeilge, tá an bhéim ar an gcumarsáid. De ghnáth, bíonn na múinteoirí ag súil le forbairt ar chontanam cumarsáide ó thréimhse réamhchumarsáide go tréimhse cumarsáide go tréimhse iarchumarsáide. Ar dtús, sa tréimhse réamhchumarsáide leagtar an bhéim ar fhoghlaim foclóra agus gramadaí, ar athrá ceisteanna nó cluichí struchtúrtha. Ansin, sa tréimhse cumarsáide bíonn béim ar chomhrá, ar chluichí teanga, ar sheiftiú agus ar úsáid na teanga i rólghlacadh. Sa tréimhse iarchumarsáide téitear siar ar ábhar an cheachta, déantar anailís ar an teanga, agus féachtar leis an eolas a thraschur go tascanna nó go cluichí eile. Is próiseas ciorclach é leanúnachas na dtréimhsí cumarsáide, agus is féidir ceacht a thosú le ceann ar bith acu. Tuigtear gurb é an rud is tábhachtaí ná na páistí a chur ag caint agus ag déanamh cumarsáide chomh luath agus chomh minic agus is féidir.

5.4 Léitheoireacht

Tosaíonn léitheoireacht go foirmiúla sa tríú téarma i Rang a hAon, cé gur scoil Béarla í seo. Baintear úsáid as *Bua na Cainte* (Edco) agus *Soilse* (CJ Fallon).

- Tá giota beaga léitheoireachta fite fuaite tríd leabhar an pháiste *Bua na Cainte*. Sa ghníomhaíocht “Bí ag Léamh” tugtar deis don pháiste abairtí a léamh. Tig leis an bpáiste focail a aithint agus a léamh i dtéacs trí

leideanna ó phictiúir, ón gcomhthéacs agus ón gcomhréir. Cabhraíonn an cluiche seo le cumas tuisceana an pháiste a fhorbairt. Is deis í seo chun freastal ar éagsúlacht chumais mar is féidir leis an bpáiste an téacs a léamh nó éisteacht leis an téacs á léamh.

- Tá scéalta tarraingteacha ar fáil sa chlár *Bua na Cainte* agus sna leabhair *Soilse*. Tá sé tábhachtach scéalta deasa Gaeilge a insint do pháistí chun spéis na bpáistí a mhúscailt sa teanga mar éalaíonn na páistí i bhfad ón ngnáthshaol ar bhrat draíochta na scéalaíochta agus cuireann sé sin lena bpléisiúir.
- Tá tábhacht ar leith ag baint leis na scéalta chun ionchur teanga a sholáthar do na páistí, chun scileanna éisteachta agus scileanna cuimhne na bpáistí a fhorbairt, chun eiseamláirí teanga a mhúineadh do na páistí, chun mothúcháin, cruthaitheacht agus samhlaíocht na bpáistí a fhorbairt agus mar bhunús do mhúineadh na léitheoireachta.
- Tá féidearthachtaí iontacha ann maidir le húsáid na scéalta sa chlár *Bua na Cainte* agus *Soilse*. Moltar don mhúinteoir deis a thabhairt do na páistí:
 - Éisteacht leis an scéal agus taitneamh a bhaint as,
 - Tascanna éisteachta éagsúla a dhéanamh bunaithe ar ábhar an scéil,
 - Bheith rannpháirteach san insint agus an scéal a insint in éineacht leis an scéalaí,
 - Abairtí a chríochnú,
 - Na puipéid agus na maisc a úsáid chun mím nó dráma a bhunú ar an scéal,
 - Nathanna cainte ó na scéalta a úsáid i ngnáthchaint an lae de réir mar a fheileann agus
 - Obair ealaíne a dhéanamh bunaithe ar an scéal.

Rang a hAon	Rang aDó
Léitheoireacht ó Bua na Cainte 1 Cairde Nua (CJ Fallon)	Léitheoireacht ó Bua na Cainte 2 Spórt/Áthas (CJ Fallon) Cóipleabhar Rannta, Dánta & Amhráin
Rang a 3	Rang a 4
Léitheoireacht ó Bua na Cainte 3 Breagáin/Féasta (CJ Fallon) Cóipleabhar Rannta, Dánta & Amhráin	Léitheoireacht ó Bua na Cainte 4 Réaltaí/ Spréacha (CJ Fallon) Cóipleabhar Rannta, Dánta & Amhráin
Rang a 5	Rang a 6
Léitheoireacht ó Bua na Cainte 5 Seoda/Lasracha (CJ Fallon) Cóipleabhar Rannta, Dánta & Amhráin	Léitheoireacht ó Bua na Cainte 6 (Go dtí a bheidh sé foilsithe bainfidh an Rang úsáid as áiseanna eile) Sléibhte/Coillte (CJ Fallon) Cóipleabhar Rannta, Dánta & Amhráin

5.4 Léitheoireacht Breise/ Scéalaíocht

Go rialta bíonn múinteoirí ag léamh leabhair Gaeilge chun taithí litríochta údaracha a thabhairt do na páistí, cé nach bhfuil tuisceant iomlán acu. I rang a dó tosaíonn na páistí ag léamh leabhar Gaeilge le tacaíocht oiriúnach ón mhúinteoir. Ag an am céanna, bíonn na múinteoirí i ranganna sinsearachta fós ag léamh os ard do na páistí. Tá sé tábhachtach comhrá a dhéanamh faoi a gcuid léitheoireachta.

Naíonáin Bheaga agus Mhóra	Rang a hAon	Rang a Dó
Léann an múinteoir cuid den leabhair seo agus leabhair eile atá cosúil leo: <i>Is Geal Liom Sibh Go Léir</i> <i>Mise agus an Dragún</i> <i>Mise agus Tusa, a Bheirín</i> <i>Oíche Mhaith, a Bheirín</i> <i>Bardal Feirmeora</i> <i>Ulchabháin Óga</i> <i>Cuil Bheag Óg</i>	Léann an múinteoir cuid den leabhair seo agus leabhair eile atá cosúil leo: <i>Ó Chrann go Crann</i> <i>Luán agus an Mórphianó</i> <i>Lá le Mamó</i> <i>Leanbh Nua</i> Leabhair Séideán Sí: Dearg-Céim 1 agus Gorm Céim 2	Léann an múinteoir cuid den leabhar seo agus leabhair eile atá cosúil leo: <i>An Garbhán</i> <i>Is Fuath Liom Dul ar Saoire</i> <i>Druball</i> <i>Coinín Beag agus an Phluid Gorm</i> Leabhair Séideán Sí: Corcra Céim 1 agus Buí Céim 2

Rang a Trí	Rang a Ceathair	Rang a Cúig	Rang a Sé
Úrscéal: <i>Fiacla Mhamó</i> Léann an múinteoir na leabhair seo agus leabhair eile atá cosúil leo: <i>Lúsaí Lasairéan</i> <i>Sa Tóir ar an Yeití</i> <i>Bandraoí Luch an Dúin</i> <i>Marcas Míol Mór</i> <i>Vera agus an Veidhlín</i> Leabhair Séideán Sí: Oráiste & Marún	Úrscéal: <i>Thar an Trasnán</i> Léann an múinteoir roinnt de na leabhair seo agus leabhair eile atá cosúil leo: <i>An Gréasaí Bróg agus na Sióga</i> <i>Fainic, a Fhiachra</i> <i>Cillian agus an Rón</i> <i>Crúibín</i>	Úrscéal: <i>Tubaiste ar an Titanic</i> Léann an múinteoir roinnt de na leabhair seo agus leabhair eile atá cosúil leo: <i>An Rún Mór</i> <i>Múinteoir Molly (sraith)</i> <i>An tOllamh Gorm</i> <i>An Múinteoir Nua</i>	Úrscéal: <i>Anansi agus Scéalta an Domhain</i> Léann an múinteoir roinnt de na leabhair seo agus leabhair eile atá cosúil leo: <i>Tomás na hÓrdóige</i> <i>Óró na Circíní</i> <i>An Nathair agus Na Spéaclaí</i> <i>Oíche Chiúin</i>

5.5 Litriú

Feiceann páistí i ranganna naíonán agus rang a haon múinteoirí ag scríobh na Gaeilge go minic, gach aon lá ag cruinniú na maidine agus i gceachtanna Gaeilge. Bíonn siad ag cópáil focal Gaeilge sna ranganna sin chomh maith. Ag tosú i rang a dó, bíonn na páistí ag foghlaim focal Gaeilge gach seachtain. Baintear úsáid as an sraithleabhar *Fuaimeanna agus Focal*. Tá liostaí ann ag leanúint pátrún fuaimeanna nó téama. Déanann na páistí cleachtadh ar na focail go rialta le haghaidh obair bhaile. Bíonn scrúdú seachtainiúil ann ag deireadh na seachtaine. Chomh maith le sin, tugann múinteoirí cabhair lena páistí focal a litriú i cceart i scríobhnóireacht pearsanta trí phróiseas athscríofa.

5.6 Scríobhnóireacht Seánraí

Bíonn deiseanna Scríobhneoireachta cruthaíochta agus pearsanta le fáil. Bíonn deiseanna rialta seánraí éagsula a scríobh. Sna ranganna naíonán agus rang a hAon, bíonn na páistí ag scríobh téicseanna le tacaíocht ón mhúinteoir. Tosaíonn na páistí i Rang a Dó ag scríobh níos neamhspleáigh. Léiríonn na múinteoirí structúr do gach seánra i gceardlanna scríobhnóireachta. Leanann na páistí próiseas cosúil leis an bpróiseas scríobhneoireachta sa Bhéarla. Ar dtús, taispeánann an múinteoir eiseamláir. Ansin, bíonn an múinteoir agus na páistí ag cumadh dhréachta le chéile. Faoi dheireadh, scríobhann na páistí a ndréachta féin. Cuirtear cruinneas ar na dréachta trí phróiseas athscríofa.

Naíonáin agus Rang a hAon	Rang a Dó	Rang a Trí
Scríobhann na páistí abairt nó dó le structúr láidir agus bearna amháin a críochnú. Scríobhann siad cuirí, scéalta agus insintí.	Scéal agus insint simplí (tús, lár, deireadh) Cuireadh	Insint pearsanta Dán - acraic Clár Áma Cárta breithlá/ buíochas

Rang a Ceathair	Rang a Cúig	Rang a Sé
Scéal – líne tosaigh Leabhairín Eolais - ainmhí Oideas Dán – Aimsir – Diamant Aistí don Vicipéid (an rang le chéile)	Scéal – carachtair, suíomh, fadhb, réiteach Insint pearsanta – trí alt Bróisiúir taistil – áit cailiúl in Éirinn Dán – mothúcháin – saorvéarsaíocht	Scéal Script - comhrá drámaíochta Litreacha do chara pinn Dialann pearsanta Dírbheathaisnéis

5.7 Cluichí

Imrítear a lán cluichí chun an Ghaeilge a chleachtadh i mbealach spraoiúil. Bíonn cuspóir foghlama ann, ach tá sé an-tábhachtach go bhfuil páistí in ann taitneamh a bhaint as an teanga.

Naíonáin	Ranganna 1 & 2	Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6
Cluiche Kim Deir Ó Grádaigh Biongó: Bia agus Éadaí	Mímeanna Cad atá sa mhála? Cá bhfuil sé?	Cé hé mise? (poist/slite beatha) Tráth na gCeist	Tráth na gCeist Long Chogaidh Scrabble

Cén t-ám é, a Mhic Tíre? Solas glas, solas dearg Spotáí dáite Goid an bagún Feicim le mo shúilín	Aimsigh na difríochtaí Céard atá tú ag déanamh? Uno Fuzz Buzz (uimhreacha) Leadóg Focal	Spraoi le hUimheacha Cluiche Cuimhne: Chuaigh mé go dtí an siopa agus cheannaigh mé... Cluiche na gCón (fíor nó breagach)	Aibítir na Gaeilge Fiche Ceist Ag insint scéil le chéile (abairt amháin ó gach duine) Malairtí Áit Cuairteoir Rúndiamhair
--------------------------------------------------------------------------------------------------------------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

5.8 Drámaí Gaeilge

Chuille bliain cuireann gach rang dráma nó ceoldráma as Gaeilge i láthair. Is taithí iontach é seo chun feabhas a chur ar Ghaeilge na bpáistí. Foghlaimíonn na páistí líntí agus liricí. Oibríonn siad le chéile ar an tionscnámh chun feistis agus radharcra a chruthú. Sa todhchaí tá súil againn go mbeidh ranganna ag glacadh páirte i bhFéile an Chumann Scoildrámaíochta.

5.9 Ámhráin agus Dánta Gaeilge

Is féidir leis na páistí Gaeilge nádúrtha saibhreach a shealbhú agus iad ag foghlaim amhrán agus ag canadh go minic. Chomh maith le sin, nuair a fhoghlaimíonn na páistí dánta, cabhraíonn sé seo leo teanga ó bhéal a fheabhsú. Ba chóir go mbeadh na daltaí ag foghlaim, ar a laghad, amhrán nó dán amháin gach mí. Beidh gach rang ag cur le chéile cóipleabhar Ceol, Dánnta agus Rannta ó Rang 1 ar aghaidh

Achmainní Ceoil agus Filíochta Ginearálta ar fáil sa Scoil		
<i>Séideán Sí</i>	<i>Bliain na nAmháin</i>	<i>Rannta Beaga</i>
<i>A Stór, is a Stóirín</i>	<i>Ící Píicí</i>	<i>Seo, Siúd agus Uile</i>
<i>Irish Songs We Learned at School</i>	<i>Bróga Nua</i>	<i>Seo, Siúd agus Eile</i>
<i>Ceol na Mara</i>	<i>Timpeall an Tí</i>	<i>Féasta Filíochta</i>
<i>Cainimis le Chéile</i>	<i>Something Beginning with P</i>	<i>Haiku, más é do thoil é</i>

5.10 Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga

Go rialta múintear ábhair eile sa churaclam trí mheán na Gaeilge. Leis an gcomhthathú seo, baineann na páistí úsáid as an teanga i gcomhthéacs réadach agus taispeánann sé luach na Gaeilge dóibh taobh amuigh den cheacht Gaeilge amháin. Chomh minic agus is féidir agus tríd an lae, glacanann múinteoirí deiseanna chun Gaeilge a chur chun cinn agus iad ag múineadh ábhar eile. Roghnaíodh corpoideachas mar ábhar chun mhúineadh i mbealach dátheangach. Ó rang a trí ar aghaidh, múintear corpoideachas go foirmiúla trí mheán na Gaeilge chomh fearr agus is féidir.

Naíonáin Bheaga and Mhóra	Rang a hAon agus Rang a Dó
<u>Mata</u> : Dathanna, ag comhaireamh, ag léamh áma <u>Dráma</u> <u>Ealaíon</u> : Dathanna, cruthanna <u>Ceol</u> : Ag canadh amhrán Gaeilge <u>PE</u> : Cluichí clóis as Gaeilge	<u>Mata</u> : cruthanna <u>Drama</u> <u>Ealaíon</u> <u>Ceol</u> : Ag canadh amhrán Gaeilge <u>PE</u> : Cluichí clóis, iománaíocht agus peil

Rang a Trí	Rang a Ceathair	Rang a Cúig	Rang a Sé
<u>Mata</u> : ag léamh áma, <u>Tíreolaíocht</u> : Ainmhithe Éireannacha agus feithidí <u>Drama</u> <u>Ceol</u> : Ag canadh amhrán Gaeilge <u>PE</u> : Múintear trí mheán na Gaeilge	<u>Mata</u> : ag léamh áma, <u>Tíreolaíocht</u> : Plandaí agus crainn Éireannacha <u>Drama</u> <u>Ceol</u> : Ag canadh amhrán Gaeilge <u>PE</u> : Múintear trí mheán na Gaeilge	<u>Tíreolaíocht</u> : Éire (contaetha & cathracha) An hEoiraip- tírthe <u>Drama</u> <u>Ceol</u> : Ag canadh amhrán Gaeilge <u>PE</u> : Múintear trí mheán na Gaeilge	<u>Tíreolaíocht</u> : Tíortha <u>Drama</u> <u>Ceol</u> : Ag canadh amhrán Gaeilge <u>PE</u> : Múintear trí mheán na Gaeilge

6. An Clár Áma

Leantear na treoirlínte sa Chiorclán 0056/2011. Is í An Ghaeilge T2 sa scoil seo. De ghnáth, caitear ar a laghad 3.5 uaire i rith na seachtaine ag múineadh na Gaeilge i geachtanna scoite. Chomh maith leis an am

seo, bíonn páistí agus foireann na scoile ag labhairt na Gaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir. Nuair atá caighdeán réasúnta acu sna hardranganna, múinteoirí ábhair eile an Churaclaim Bunscoile trí mheán na Gaeilge.

7. Obair Bhaile

Bíonn litriú mar obair bhaile go rialta ó rang a dó go rang a sé. Déanann na páistí tascanna simplí sa leabhar *Fuaimeanna agus Focal* chun a gcuid focal litriú a fhoghlaim. Seachas an obair seo, ní bhíonn obair bhaile Gaeilge ag na páistí de gnáth.

8. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá a lán áiseanna ar fáil ar an idirlíon chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus deiseanna do pháistí chun an Ghaeilge a chleachtadh i mbealaí éagsúla.

Achmhainní Teicneolaíochta do Pháistí		Achmhainní Teicneolaíochta do Mhúinteoirí
www.tg4.tv	www.seideansi.ie	www.cogg.ie
www.potaafocal.ie (foclóir)	Snas ar Scéal (suíomh idirlíne)	www.seideansi.ie
www.tearma.ie (foclóir)	http://www.robo.ie/	www.buanacainte.ie
www.beo.ie	www.leighleat.ie	www.isfeidirliom.ie
Aip – Scéal an Lae	www.duolingo.com	http://www.scoildramaiocht.ie/scripteanna/

9. Pleanáil Múinteoirí agus Tuairisciú

Caithfidh gach múinteoir ranga scéimeanna blianta agus scéimeanna coicíse nó seachtaine a scríobh. Bíonn na scéimeanna bunaithe ar na cuspóirí den Churaclam Teanga na Bunscoile agus an plean seo. Tugann na múinteoirí cuntais míosúla don príomhoide. Féachann an príomhoide ar na cuntais agus comeádtar iad ar feadh dhá bhliain.

10. Measúnú

Úsáideann múinteoirí modhanna éagsúla measúnaithe chun eolas a fháil faoi chumas na bpáiste (measúnú ar an bhfoghlaim) agus chun treo a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil (measúnú chun foghlama). Tá dírbhreathnú an mhúinteora an-tábhachtach, agus baintear úsáid as an Contanaim Dul Chun Cinn. Chomh maith le sin, tugann tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir léargas dóibh.

Ag tosú i rang a dó agus ar aghaidh go rang a sé, déanann na páistí triail chaighdeánach, Scrúdú Gaeilge Drumcondra, gach bliain.

Coinníonn na páistí fillteáin. Roghnaíonn siad samplaí de na cuid oibre ó gach ábhar den churaclam. Go minic, cuireann samplaí oibre Gaeilge sna bailiúcháin seo. Chomh maith le sin, tugann múinteoirí deiseanna do na páistí féinmheasúnú a dhéanamh.

11. Cothrom Rannpháirtíochta

Tugtar deiseanna do gach páiste rannpháirtíochta a ghlacadh sna ceachtanna Gaeilge. Roghnaítear leabhair agus áiseanna a taispeánann páistí ó chúlraí éagsúla agus rólanna cothroma le haghaidh cailíní agus buachaillí. Tugtar tacaíocht do pháistí nua sa scoil, go háirithe inimircigh nua, chun Gaeilge a shealbhú chomh luath is féidir agus chun a gcuid rannpháirtíochta a thacú.

12. Páistí le Cumais Speisialta

Tugann na múinteoirí deiseanna breise do pháistí le cumais speisialta. Sna hardranganna, bíonn tascanna léitheoireachta agus scríobhnóireachta oscailte agus dírithe ar riachtanais agus cumais na bpáistí. Ó am go ham, cuireann múinteoirí na páistí i ngrúpaí agus bíonn dúshláin ar fáil do pháistí níos cumasaí.

13. Páistí le Riachtanais Speisialta

Tugtar tacaíocht do pháistí le riachtanais speisialta maidir le foghlama na Gaeilge. I gcásanna, tugann na múinteoirí tacaíochta foghlama cabhair dóibh, istigh sa seomra ranga agus i ngrúpaí beaga. Ag an am seo, níl díolúine ón nGaeilge ag aon pháiste sa scoil. Ní thabharfear díolúine ach de réir na treoirlíne i gCiorclán 12/96 agus bunaithe ar chomhairle ó síceolaí oideachais. Dá mbeadh díolúine ag páiste sa scoil, ní bheadh an páiste ag déanamh tascanna measúnú léitheoireachta agus scríbhneoireachta agus obair bhaile Gaeilge ach bheadh sé/sí ag rannpháirtíocht i gceachtanna teanga ó bhéal.

14. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Toisc go bhfuil an-bhéim ar an nGaeilge sa Churaclam agus go háirithe sa scoil seo, pléitear múineadh na Gaeilge go minic sna cruinnithe foirne. Beidh an scoil i dteagmháil leis an tSeirbhís um Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí chun tacaíocht a fháil don phlean seo a chur i bhfeidhm agus an Ghaeilge a mhúineadh ar ardchaighdeán i scoil Bhéarla. Spreagtear múinteoirí deiseanna a thógáil chun a gcuid Gaeilge pearsanta a fheabhsú chun a bheith cinnte go mbeidh féinmhúinín ag gach ball den fhoireann an Ghaeilge a labhairt, a thuiscint agus a mhúineadh go cruinn. Bíonn foireann na scoile ag comhrá le chéile as Gaeilge go minic faoi ábhair gairmiúla agus pearsanta. Moltar chomhthathú agus nascanna a dhéanamh idir a gcuid cuspóirí gairmiúla na mblianta agus an Ghaeilge.

15. Deiseanna do Thuismitheorí

Le haghaidh dearcadh dearfach a cruthú i measc pobal na scoile, beidh deiseanna ann do thuismitheorí Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt. Bíonn frásaí úsáideacha sa nuachtlitir seachtainiúil. Le tacaíocht ón gComhlachas Múinteoirí agus Tuismitheorí, beidh ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheorí, idir ghlantasnaitheoirí agus daoine le roinnt Gaeilge cheana féin, ag tosú i 2018. Chomh maith le sin, beidh ocaidí sóisialta eagraithe chun “cúpla focal” a cleachtadh le chéile.

16. Rólanna agus Freagraíochtaí

Tá dualgas an plean seo a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú ag an bpríomhoide le tacaíocht ó fhoireann bhainistíochta na scoile agus na múinteoirí go léir. Caithfidh gach múinteoir a bheith eolach ar an bplan agus obair le chéile le déanamh chun an plean a fhorbairt. Beidh An Bord Banaistíochta freagrach as athbhreithniú ar an bplan go rialta.

17. Athbhreithniú

Beidh foireann na scoile ag déanamh athbhreithniú má tá gá ann, go háirithe agus an scoil forbatha seo ag fás. Beidh athbhreithniú foirmiúil ann i 2020.

18. Daingniú agus Cumarsáid

Bhí plean curaclaim na Gaeilge daingniú leis An Bord Banaistíochta ar an lá atá scríofa thíos. Tá cruachóip ann sa seomra foirne agus in oifig an phríomhoide. Beidh an plean ar fáil go leictreonach do mhúinteoirí mar chuid den Phlean Scoile.

Paul Adams, Cathaoirleach an Bhoird Banaistíochta

Dáta daingnithe: 15/09/21